Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Bealtaine 2018**
**(OR. en)**

**9185/18**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0148 (COD)**

**ENER 150**
**ENV 316**
**TRANS 218**
**CONSOM 150**
**CODEC 825**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 17 Bealtaine 2018 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2018) 296 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le lipéadú bonn i leith éifeachtúlacht breosla agus paraiméadair riachtanacha eile agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1222/2009 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2018) 296 final ón gCoimisiún.

---

Faoi iamh: COM(2018) 296 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 17.5.2018
COM(2018) 296 final

2018/0148 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le lipéadú bonn i leith éifeachtúlacht breosla agus paraiméadair riachtanacha eile agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1222/2009**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SEC(2018) 234 final} - {SWD(2018) 188 final} - {SWD(2018) 189 final}

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Trí fheabhas a chur ar lipéadú bonn, tabharfar tuilleadh faisnéise do thomhaltóirí faoi éifeachtúlacht bhreosla, sábháilteacht agus torann, rud a thabharfaidh deis dóibh faisnéis chruinn, ábhartha agus inchomparáide a fháil ar na gnéithe sin agus boinn á gceannach acu. Cuideoidh sé sin chun éifeachtúlacht na scéime lipéadaithe bonn a fheabhsú, chun feithiclí níos glaine, níos sábháilte agus níos ciúine a áirithiú agus chun an leas is mó is féidir a bhaint as an méid a chuireann an scéim le dícharbónú na hearnála iompair.

Leis an togra seo déantar Rialachán (CE) Uimh. 1222/2009[1] maidir le lipéadú bonn i leith éifeachtúlachta breosla agus paraiméadar riachtanach eile (an Rialachán maidir le Lipéadú Bonn, RLB) a aisghairm agus a ionadú.

Rinneadh RLB a leasú faoi dhó sular tháinig sé i bhfeidhm, sa chéad dul síos chun modh nua tástála do fhliuchghreim bhoinn C1 (gluaisteáin) a chur san áireamh ann, agus ansin lena léiriú go raibh modh tástála fliuchghreama idirnáisiúnta iomchuí forbartha freisin do bhoinn C2 (veaineanna) agus do bhoinn C3 (feithiclí tromshaothair)[2], agus chun nós imeachta ailínithe saotharlainne le friotaíocht rollta a thomhas a chur san áireamh. Cuirtear na leasuithe sin isteach sa togra seo.

### • Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

In 2009, ghlac an tAontas Eorpach dhá thacar rialacha i ndáil le boinn:

– RLB, inar leagadh amach ceanglais an Aontais chun an fhaisnéis a chomhchuibhiú maidir leis na paraiméadair bhonn atá le soláthar d'úsáideoirí deiridh, rud a chuireann ar a gcumas roghanna ceannacháin eolasacha a dhéanamh; agus

– An Rialachán maidir leis na ceanglais i gcomhair cineálcheadaithe[3] le haghaidh sábháilteacht ghinearálta mótarfheithiclí (an Rialachán maidir leis an tSábháilteacht Ghinearálta, RSG), lenar cuireadh ceanglais theicniúla chomhchuibhithe i bhfeidhm atá le comhlíonadh ag boinn sular féidir iad a chur ar mhargadh an Aontais.

Le RSG cuirtear ceanglais íosta i bhfeidhm *inter alia* do bhoinn maidir leis an méid seo a leanas:

(i) friotaíocht rollta;

(ii) feidhmíocht fliuchghreama; agus

(iii) torann seachtrach rollta bonn.

---

1 Rialachán (CE) Uimh. 1222/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le lipéadú bonn i leith éifeachtúlachta breosla agus paraiméadar riachtanach eile, IO L 342 de 22.12.2009, lch. 46

2 Rialachán (AE) Uimh. 228/2011 an 7 Márta 2011 ón gCoimisiún lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1222/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i ndáil leis an modh tástála fliuchghreama do bhoinn C1 agus Rialachán (AE) Uimh. 1235/2011 an 29 Samhain 2011 ón gCoimisiún lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1222/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i ndáil le grádú fliuchghreama bhoinn, agus leis an nós imeachta fíoraithe,

3 Rialachán (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir leis na ceanglais i gcomhair cineálcheadú le haghaidh sábháilteacht ghinearálta mótarfheithiclí, a leantóirí agus a gcóras, a gcomhpháirteanna agus a n-aonad teicniúil ar leithligh a bheartaítear dóibh IO L 200 de 31.7.2009, lch. 1.

Tháinig na ceanglais sin i bhfeidhm ón 1 Samhain 2012, agus tháinig an dara céim de cheanglais níos déine maidir leis an bhfriotaíocht rollta i bhfeidhm ar an 1 Samhain 2016 (agus tiocfaidh tuilleadh coigeartuithe i bhfeidhm in 2018 agus in 2020).

Amhail aon táirgí eile a chuirtear ar mhargadh an Aontais, ní mór do na húdaráis náisiúnta faireachais margaidh na boinn a sheiceáil lena áirithiú go bhfuiltear ag cloí leis na ceanglais infheidhme. Le Rialachán (CE) Uimh. 765/2008[4] bunaítear an creat le haghaidh faireachas margaidh ag Ballstáit agus áirithítear faireachas margaidh éifeachtach trasteorann.

Rinneadh an creat ginearálta i gcomhair lipéadú fuinnimh a thabhairt suas chun dáta in 2017 nuair a glacadh Rialachán (AE) 2017/1369[5]. Leis sin, rinneadh Treoir 2010/30/EAE a aisghairm agus a ionadú agus tugadh isteach líon áirithe eilimintí nua, amhail bunachar sonraí ina gclárófar táirgí, agus rialacha nua maidir le fógraíocht amhairc agus le ciandíolacháin agus díolacháin ar líne.

Tá lipéadú bonn mar chuid de reachtaíocht an Aontais maidir le héifeachtúlacht fuinnimh táirgí. Áirítear leis sin rialacháin maidir le héicdhearthóireacht, lena leagtar síos ceanglais íosta atá le comhlíonadh ag táirgí a bhaineann le fuinneamh sular féidir iad a chur ar mhargadh an Aontais, agus rialacháin maidir le lipéadú fuinnimh, a chuireann faisnéis ar fáil do thomhaltóirí faoi ídiú fuinnimh agus gnéithe ríthábhachtacha eile táirgí, rud a chabhraíonn leo cinntí ceannacháin a dhéanamh atá eolach, éifeachtach ó thaobh costais de, neamhdhíobhálach don chomhshaol, maith don chomhshaol agus lena sábháiltear airgead araon.

Tá an tionscnamh seo ag teacht le beartas fuinnimh an Aontais ós rud é go gcuireann sé le héifeacht an *acquis* atá ann cheana maidir le lipéadú bonn agus go dtugann sé suas chun dáta é.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Leis an athbhreithniú ar an scéim lipéadaithe bonn, cuirtear le hiarrachtaí an Aontais na hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus an truailliú aeir arb í an earnáil iompair is cúis leo a laghdú.

Tá an tionscnamh seo mar chuid den Tríú Phacáiste "An Eoraip ag Gluaiseacht", lena gcuirtear straitéis beartais tionsclaíochta Mheán Fómhair 2017 i gcrích, agus ceapadh é chun a chur ar chumas na hEorpa leas iomlán a bhaint as na buntáistí uile a ghabhann le nuachóiriú agus dícharbónú na soghluaisteachta. Tá sé ríthábhachtach go mbeidh córas soghluaisteachta na todhchaí sábháilte, glan agus éifeachtach do shaoránaigh uile an Aontais. Is é is aidhm leis, soghluaisteacht na hEorpa a dhéanamh níos sábháilte agus níos inrochtana, tionscal na hEorpa a dhéanamh níos iomaíche, poist na hEorpa a dhéanamh níos sláine, agus a bheith níos glaine agus níos oiriúnaithe don chomhrac ríthábhachtach i gcoinne an athraithe aeráide. Chuige sin, beidh tiomantas iomlán an Aontais, na mBallstát agus na bpáirtithe leasmhara ag teastáil, lena n-áirítear maidir le neartú na n-iarrachtaí i ndáil le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus truailliú aeir.

Tagraíonn an Teachtaireacht ón gCoimisiún, *A European Strategy for Plastics in a Circular Economy* [Straitéis Eorpach maidir le hÁbhar Plaisteach i nGeilleagar Ciorclach] don ghá atá le staidéar a dhéanamh ar bhealaí chun scaoileadh neamhbheartaithe micreaphlaisteach ó bhoinn a laghdú.

---

4 IO L 218, 13.8.2008, lch. 30-47 Féach togra COM(2017)795 ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán lena leagtar síos rialacha agus nósanna imeachta maidir le comhlíonadh agus forfheidhmiú reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais ar tháirgí a chuirfear in ionad Rialachán 765/2008.

5 IO L 198, 28.7.2017, lch. 1

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá Rialachán (CE) Uimh. 1222/2009 bunaithe ar Airteagal 95 den Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Eorpach, Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) anois. Is iomchuí bunús dlí i dtaca leis an margadh inmheánach margaidh a bheith ann mar go bhfuil an Rialachán nasctha le ceanglais chineálcheadaithe bonn atá le cur ar mhargadh an Aontais, ach ós rud é go gcumhdaítear éifeachtúlacht bhreosla leis freisin, is iomchuí bunús dlí i dtaca le fuinneamh a chur leis ina theannta sin, i.e. Airteagal 194 CFAE.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Léiríonn na hionstraimí maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus éifeachtúlacht bhreosla a glacadh ar leibhéal an Aontais go bhfuil tábhacht an fhuinnimh ag méadú mar dhúshlán polaitiúil agus eacnamaíoch agus léiríonn siad na dlúthnaisc atá ag an bhfuinneamh le réimsí beartas maidir le slándáil an tsoláthair fuinnimh, athrú aeráide, inbhuanaitheacht, comhshaol, an margadh inmheánach agus forbairt eacnamaíoch. Go dtí seo, ní fhéadadh na Ballstáit ina n-aonar cuspóirí na héifeachtúlachta fuinnimh a bhaint amach go leordhóthanach agus tá gá le beart ar leibhéal an Aontais chun na gníomhaíochtaí a éascú ar an leibhéal náisiúnta agus chun tacú leo.

Tá sé riachtanach cothrom iomaíochta a áirithiú do mhonaróirí agus do dháileoirí ó thaobh na faisnéise a thugtar do chustaiméirí faoi bhoinn atá ar díol ar fud mhargadh inmheánach an Aontais. Dá bhrí sin, tá gá le rialacha atá ceangailteach de réir dlí san Aontas ar fad.

Is iad údaráis na mBallstát a dhéanann faireachas margaidh. Chun a bheith éifeachtach, ní mór dó a bheith aonfhoirmeach ar fud an Aontais nó bainfear an bonn ón margadh inmheánach agus beidh dídhreasú ann do ghnólachtaí chun acmhainní a infheistiú i ndearadh, i monarú agus i ndíolachán táirgí atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de. Má chuirtear táirgí san áireamh le bunachar sonraí táirgí cuideoidh sé sin le héifeachtacht an fhaireachais margaidh.

- **Comhréireacht**

I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, ní théann na leasuithe atá beartaithe ar an gcreat reachtach atá ann cheana thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí a leagtar síos a ghnóthú. Feabhsóidh siad soiléireacht agus inoibritheacht an chreata sin.

Leis na leasuithe atá beartaithe, beifear in ann faisnéis faoi bhoinn sneachta/oighir a thaispeáint ar an lipéad, an ceanglas a neartú i ndáil leis an lipéad a thaispeáint i gcásanna nach bhfeiceann tomhaltóirí an bonn/na boinn atá siad ag smaoineamh a cheannach (mar go bhfuil na boinn stóráilte in áit eile, nó i gcás ciandíolacháin nó díolachán ar líne) agus áirítear leo boinn atá sa bhunachar sonraí ina gclárófar táirgí arna bhunú faoi Rialachán (AE) 2017/1369 chun faireachas margaidh agus faisnéis do thomhaltóirí a fheabhsú.

Beidh sé de cheangal ar sholáthraithe faisnéis a iontráil sa bhunachar sonraí táirgí nua. Is ionann an fhaisnéis sin agus faisnéis a bhfuil orthu a chur ar fáil cheana do na húdaráis faireachais margaidh náisiúnta nuair a iarrtar í, agus meastar, dá bhrí sin, go mbeadh an t-ualach breise an-bheag agus comhréireach leis an tairbhe a bhainfí as an mbunachar sonraí táirgí ó thaobh forfheidhmiú agus trédhearcachta de.

Tá measúnú tionchair SWD(2018)189 ag gabháil leis an togra agus ba cheart tagairt a dhéanamh do na codanna ina bpléitear comhréireacht.

- **An rogha ionstraime**

Is é atá san RLB atá i bhfeidhm faoi láthair Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus is iomchuí ionstraim den chineál céanna a chur ina ionad, mar go bhfuil oibleagáidí d'oibreoirí eacnamaíocha ann atá infheidhme go díreach.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Rinne an Coimisiún meastóireacht *ex-post* ar RLB, atá le fáil in Iarscríbhinn 5 a ghabhann leis an dtuarascáil ar an measúnú tionchair.

Ba é conclúid na meastóireachta gur féidir éifeachtacht agus éifeachtúlacht RLB a fheabhsú tuilleadh, go háirithe tríd an méid seo a leanas:

(i) an tuiscint atá ag tomhaltóirí ar an lipéad agus a muinín as a fheabhsú (rud a fhágfaidh go mbeidh siad níos dóchúla faisnéis an lipéid a úsáid agus boinn á gceannach acu), agus

(ii) faireachas margaidh a fheabhsú chun 3 chuspóir RLB a bhaint amach go hiomlán.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Rinneadh cruinniú de na páirtithe leasmhara a reáchtáil i mí na Samhna 2015 ag a raibh níos mó ná 40 páirtí leasmhar.

Ritheadh comhairliúchán poiblí ón 10 Deireadh Fómhair 2017 go dtí an 8 Eanáir 2018 ar leathanach gréasáin comhairliúcháin an Choimisiúin[6]. Fuarthas 70 freagra agus tá achoimre mhionsonraithe ar na freagróirí agus na freagraí le fáil in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an tuarascáil ar an measúnú tionchair.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Mar chuid de staidéar sonrach fadréimseach, a coimisiúnaíodh leis an athbhreithniú a ullmhú[7], rinneadh 6000 tomhaltóir a cheistiú i sé cinn de na Ballstáit.

- **Measúnú tionchair**

Gabhann Measúnú Tionchair leis an togra seo agus tá sé foilsithe ar shuíomh gréasáin Europa an Choimisiúin maille le tuairim fhabhrach ón mBord um Ghrinnscrúdú Rialála (Ares(2018)1626237) a glacadh an 23 Márta 2018.

Aithníodh sa measúnú tionchair líon áirithe fadhbanna leis an Rialachán reatha, agus seo a leanas dhá cheann de na fadhbanna is tábhachtaí:

6 https://ec.europa.eu/info/consultations/public-consultation-evaluation-and-review-eu-tyres-labelling-scheme_en

7 https://ec.europa.eu/energy/sites/ener/files/documents/Study%20in%20support%20of%20the%20Review%20of%20the%20Tyre%20Labelling%20Regulation_final.pdf

– éifeachtacht laghdaithe an lipéid bhoinn mar gheall ar easpa infheictheachta;

– neamhchomhlíonadh de bharr easpa forfheidhmithe.

Seo a leanas na roghanna beartais a scrúdaíodh:

1. bearta neamhrialála, lena n-áirítear feachtais faisnéise, gníomhaíochtaí forfheidhmithe comhpháirteacha agus athbhreithniú ar mhodhanna tástála.

2. leasuithe spriocdhírithe reachtacha, chun go bhféadfaí an méid seo a leanas a bhaint amach:

   - lipéadú i gcónaí ar bhoinn a sheachadtar le feithiclí;
   - lipéadú ar líne;
   - faisnéis faoi fheidhmíocht sa sneachta agus ar an oighear a chur san áireamh ar an lipéad;
   - raon feidhme an cheanglais lipéadaithe a leathnú chun boinn C3 a chuimsiú;
   - na ceanglais i dtaca le doiciméadacht theicniúil a neartú;
   - leasuithe ar na hiarscríbhinní maidir le modhanna tástála agus an próiseas cineálcheadaithe a leathnú chun dearbhú an lipéid a chur san áireamh;
   - míleáiste agus scríobadh a chur san áireamh le paraiméadair feidhmíochta sa todhchaí;
   - athchoigeartú na n-aicmí lipéad; agus
   - boinn a chur san áireamh leis an mbunachar sonraí ina gclárófar táirgí, arna bhunú faoi Rialachán (AE) 2017/1369.

Rinneadh foroghanna a bhreithniú chomh maith, ónar eisiadh roinnt de na leasuithe spriocdhírithe reachtacha thuasluaite.

3. teaglaim de roghanna beartais 1 agus 2.

Ba í rogha 3 an rogha tosaíochta. Nuair a scrúdaíodh an rogha sin, fuarthas go raibh na hiarmhairtí measta seo a leanas ag baint léi (Roinn 6 den tuarascáil ar an measúnú tionchair):

   - láimhdeachas méadaithe do ghnólachtaí de EUR 9 billiún in aghaidh na bliana faoi 2030;
   - 129 PJ de choigilteas fuinnimh in aghaidh na bliana faoi 2030;
   - 10 Mt de choigilteas $CO_2$-eq in aghaidh na bliana faoi 2030;
   - astaíocht laghdaithe torainn ó bhoinn agus na buntáistí sláinte a thagann as sin; agus
   - níos mó sábháilteachta agus níos lú timpistí.

Leis an togra seo cuirtear an chuid reachtach den rogha tosaíochta chun feidhme. Leagtar amach sa mheasúnú tionchair gníomhaíocht neamhreachtach eile chun an rogha a chur chun feidhme.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Mar gheall go ndéantar leasú ar reachtaíocht atá ann cheana leis an togra seo, rinneadh scrúdú ann ar conas an reachtaíocht sin a shimpliú agus a fheabhsú. Tá an téacs tugtha chun dáta

chun an chomhsheasmhacht uasta a áirithiú le reachtaíocht eile sa réimse atá tugtha suas chun dáta, go háirithe an Rialachán nua maidir leis an gCreat i gcomhair Lipéadú Fuinnimh.

Rinneadh trí phríomhfhéidearthacht chun an reachtaíocht a shimpliú agus an t-ualach riaracháin a laghdú a shainaithint agus a chur san áireamh sa togra:

- bunachar sonraí ina gclárófar táirgí;
- ailíniú le modhanna tástála RSG; agus
- leas níos mó a bhaint as gníomhartha tarmligthe.

Seo a leanas coigilteas costais an Chláir um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála (REFIT) a bhaineann leis na trí fhéidearthacht:

| Coigiltis chostais REFIT - rogha(nna) tosaíochta | | |
|---|---|---|
| ***Tuairisc*** | ***Suim*** | ***Nótaí*** |
| Bunachar sonraí ina gclárófar táirgí | EUR 80 000 in aghaidh na bliana | Coigiltis chostais athfhillteacha d'údaráis faireachais margaidh, monaróirí agus miondíoltóirí na mBallstát. Coigiltis chostais fhéideartha do mhonaróirí freisin.<br>Áireofar i gcostais imeallacha tosaigh an Choimisiúin boinn atá sa bhunachar sonraí do tháirgí a bhaineann le fuinneamh. |
| Ailíniú le RSG | EUR 420 000 in aghaidh na bliana | D'fhéadfadh sé go mbeadh gá go ndéanfadh monaróirí i saotharlanna ceadaithe tástála tástálacha níos costasaí, ach mar chúiteamh ní bheidh acu tuilleadh tástála a dhéanamh. Costais laghdaithe faireachais margaidh (coigiltis athfhillteacha). |
| RLB / gníomhartha tarmligthe | EUR 110 000 in aghaidh gach gnímh tharmligthe | Laghdófar costais riaracháin in Institiúidí Reachtóireachta an AE agus sna Ballstáit. |

Ba cheart aon tacar rialacha amháin a bheith i bhfeidhm maidir le gach oibreoir eacnamaíoch le hiomaíocht chothrom a áirithiú sa mhargadh aonair agus le faisnéis chomhleanúnach agus chomhsheasmhach a áirithiú do thomhaltóirí. Ba cheart gach miondíoltóir a bheith faoi réir na rialacha céanna, mar sin, toisc nach úsáideach lipéid bonn do thomhaltóirí ach amháin má tá lipéad ar gach táirge i ngach asraon miondíola. Mar sin, ní dhíolmhaítear fiontair bheaga agus mheánmhéide ná micrifhiontair leis an togra. Níl aon monaróirí bonn Eorpacha ann, áfach, ar fiontair bheaga nó mheánmhéide iad nó ar micrifhiontair iad, agus níltear ag dréim leis go mbeidh aon chostais fhéideartha a bheidh ann neamhshuntasach agus bainfidh siad go príomha leis na hoibleagáidí atá ar mhonaróirí agus ar mhiondíoltóirí an lipéad a thaispeáint agus boinn á dtairiscint lena ndíol ar líne.

Tá an togra in oiriúint don idirlíon ós rud é go bhfuil lipéadú bonn á chur san áireamh aige sa bhunachar sonraí táirgí ar líne arna bhunú faoi Rialachán (AE) 2017/1369, rud a shimpleoidh, a fheabhsóidh agus a chuirfidh dlús le tarchur faisnéise faoi tháirgí idir monaróirí, miondíoltóirí, údaráis faireachas margaidh agus an tomhaltóirí. Amhail táirgí eile, úsáidtear cóid QR ar bhoinn lena dtugtar rochtain leictreonach do thomhaltóirí ar fhaisnéis mhionsonraithe. Beidh siad sin mar chuid den lipéad nua.

- **Cearta bunúsacha**

Ní meastar go mbeidh iarmhairtí ag an togra seo ar chearta bunúsacha.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Cuirtear an togra seo in ionad Treorach atá ann cheana maidir le lipéadú bonn, agus mar sin meastar go mbeidh na tionchair riaracháin agus na costais measartha, ós rud é gurb ann d'fhormhór na struchtúir agus na rialacha riachtanacha cheana féin.

Tacófar leis an gcaiteachas sin laistigh na hacmhainní dá bhfuil foráil déanta cheana sa chlárú airgeadais oifigiúil. Ní bheidh gá le haon acmhainní breise ó bhuiséad an Aontais. Anuas air sin, níl sé i gceist go ndéanfaí réamhbhreithiúnas leis an tionscnamh seo ar thogra an Choimisiúin ar an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Déanfar faireachán agus meastóireacht ar thionchar an Rialacháin nua mar chuid de staidéar meastóireachta a bheidh le déanamh sé bliana tar éis dó teacht i bhfeidhm. Leis an meastóireacht cinnfear an bhfuil cuspóirí an tionscnaimh bainte amach.

Le Tuairisciú na mBallstáit don Sainghrúpa maidir le Lipéadú Bonn – Comhar Riaracháin um Fhaireachas Margaidh cuirfear sonraí ar fáil maidir le gníomhaíochtaí faireachais margaidh agus rátaí comhlíonta. Tiocfaidh sonraí breise ón gcomhghníomh leanúnach faireachais MSTyre15[8] agus aon tionscadail leantacha.

Beidh an bunachar sonraí éigeantach atá beartaithe ina gclárófar táirgí ina fhoinse sonraí freisin agus bunófar faireachán agus meastóireacht ar dhul chun cinn air chun cuspóirí an Rialacháin a bhaint amach. Cuirfear sonraí ar fáil leis maidir le dáileadh bonn ar fud na n-aicmí éagsúla feidhmíochta. Tacóidh sé freisin le faireachas margaidh, rud atá ríthábhachtach d'fhorfheidhmiú an Rialacháin. Cuideofar leis an bhforfheidhmiú freisin trí cheangal ar na Ballstáit na pionóis agus sásraí forfheidhmithe a bheidh infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán a chur in iúl don Choimisiún.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Sa togra, coinnítear cuspóirí agus príomhphrionsabail an Rialacháin maidir le Lipéadú Bonn atá i bhfeidhm faoi láthair ach soiléirítear, treisítear agus leathnaítear a raon feidhme tríd an méid seo a leanas:

- an lipéad boinn a thabhairt suas chun dáta agus athbhreithniú a cheadú;
- an lipéad a dhéanamh níos feiceálaí do thomhaltóirí trína éileamh go gcuirtear ar taispeáint é i ngach cás ina ndíoltar boinn; agus ceanglais a leagan síos i ndáil le díolachán ar líne agus ciandíolachán agus cásanna eile nuair nach bhfeiceann an tomhaltóir na boinn go fisiciúil;
- a éileamh go gcuirfear faisnéis maidir le feidhmíocht na mbonn sa sneachta agus ar an oighear san áireamh ar an lipéad;
- an bealach a réiteach chun míleáiste agus scríobadh a chur san áireamh amach anseo, más iomchuí, leis na paraiméadair don lipéad:
- an bealach a réiteach chun boinn atráchta a chur san áireamh amach anseo, más iomchuí;
- a éileamh go gcuirtear an lipéad ar taispeáint i bhfógraí amhairc agus in ábhar fógraíochta teicniúil;
- an ceanglas an lipéad a chur ar taispeáint a leathnú le boinn C3 a chuimsiú;

[8] Le haghaidh tuilleadh eolais, féach http://www.mstyr15.eu/index.php/en/

- an próiseas cineálcheadaithe a leathnú leis an dearbhú lipéid a chur san áireamh;
- forfheidhmiú a fheabhsú trí oibleagáid a chruthú boinn a chlárú sa bhunachar sonraí ina gclárófar táirgí arna bhunú faoi Rialachán (AE) 2017/1369;
- grádú pharaiméadair na mbonn a choigeartú in Iarscríbhinn I;
- an lipéad a thabhairt suas chun dáta in Iarscríbhinn II (go háirithe le deilbhín "sneachta" a thaispeáint);
- iarscríbhinní a chur le ceanglais faisnéise;
- tagairt do na modhanna ábhartha tomhais a chur in ionad na hiarscríbhinne maidir leis an modh tástála le treoiruimhir fliuchghreama (G) bhoinn C1 a thomhas.

<u>An lipéad boinn a thabhairt suas chun dáta agus athbhreithniú a cheadú;</u>

Cumhdaítear trí pharaiméadar leis an lipéad: friotaíocht rollta, fliuchghreim agus torann seachtrach rollta. Is gá na haicmí do na paraiméadair sin a choigeartú, chun dul chun cinn teicneolaíoch a chur san áireamh agus a chur san áireamh freisin go bhfágann ceanglais RSG go bhfuil na bunaicmí folamh go hiarbhír mar nach féidir na boinn sin a dhíol ar mhargadh an Aontais níos mó.

Le hAirteagal 11 den Rialachán reatha tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun gnéithe neamhriachtanacha a leasú agus an Rialachán a fhorlíonadh, agus chun na hiarscríbhinní a chur in oiriúint ag féachaint don dul chun cinn teicneolaíoch. Leathnaítear raon feidhme an Airteagail chun na hathruithe ar an lipéad féin a chuimsiú, ionas gur féidir paraiméadair i dtaca le hoighear, míleáiste agus scríobadh a chur san áireamh agus aicmí na lipéad a athchoigeartú amach anseo trí ghníomhartha tarmligthe.

<u>An lipéad a dhéanamh níos feiceálaí do thomhaltóirí</u>

Ní mór go mbeidh lipéad ag gabháil le gach bonn a chuirtear ar an margadh, cibé acu mar dhoiciméad ar leithligh nó mar ghreamán. Beidh feidhm ag an oibleagáid seo maidir le boinn C3, nach bhfuil éilithe ina leith faoi láthair ach tagairt do na paraiméadair feidhmíochta in ábhar fógraíochta seachas lipéad iomlán. Ní mór an lipéad iomlán a chur ar taispeáint nuair a dhíoltar boinn ar líne agus i gciandíolachán ar pháipéar. Cuirfear ar taispeáint freisin é nuair a dhíoltar boinn le feithicil nua agus nuair a ligfear feithiclí ar léas nó má tá siad mar chuid de fhlít.

<u>A éileamh go gcuirtear faisnéis maidir le feidhmíocht na mbonn sa sneachta agus ar an oighear san áireamh ar an lipéad;</u>

Tabharfaidh sé sin léargas níos iomláine do thomhaltóirí ar fheidhmíocht na mbonn i ndálaí geimhridh, go hairithe i dtaca le fliuchghreim. Tá tástáil agus lógó iomchuí ann cheana d'fheidhmíocht sa sneachta, agus cuirfear san áireamh ar an lipéad iad. Tá tástáil á forbairt le haghaidh feidhmíocht ar oighear, agus tá sé beartaithe cumhachtaí tarmligthe a úsáid leis an paraiméadar sin a chur san áireamh amach anseo uair amháin atá an tástáil chaighdeánaithe curtha i gcrích.

An bealach a réiteach chun míleáiste agus scríobadh a chur san áireamh amach anseo, más iomchuí, leis na paraiméadair don lipéad:

Tá míleáiste bonn bainteach lena marthanacht agus lena ré úsáide ionchais. Is mórfhoinse micreaphlaisteach a scaoiltear isteach sa chomhshaol é scríobadh bonn. Níl aon tástáil forbartha go fóill a chumasódh tomhas iontaofa a dhéanamh ar mhíleáiste nó ráta scríobtha bonn. Tá sé beartaithe, mar sin, breathnú ar chumhachtaí tarmligthe a úsáid leis na paraiméadair sin a chur san áireamh amach anseo, uair amháin atá caighdeán cuí tástála curtha i gcrích.

Is próiseas é atráchtú bonn a úsáidtear chun ré úsáide bonn réchaite a shíneadh. Tá sé ábhartha go háirithe maidir le boinn C3, is ionann agus tuairim is 30 % den sciar den mhargadh a bhaineann le boinn atráchta san Eoraip, arb ionann é agus tuairim is 5 mhilliún bonn. Trí atráchtú bonn a chur san áireamh d'fhéadfaí méid suntasach fuinnimh a shábháil agus chuirfí le cuspóirí de chuid an gheilleagair chiorclaigh amhail laghdú dramhaíola. Ós rud é, áfach, nach bhfuil aon modh iomchuí tástála ann, tá sé beartaithe breathnú ar chumhachtaí tarmligthe a úsáid le boinn atráchta a chur san áireamh amach anseo, uair amháin atá caighdeán cuí tástála curtha i gcrích.

A éileamh go gcuirfear an lipéad ar taispeáint i bhfógraí amhairc agus in ábhar fógraíochta teicniúil:

I gcomhréir le hoibleagáidí ar sholáthraithe táirgí a bhaineann le fuinneamh faoi Rialachán (AE) 2017/1369, beidh ar sholáthraithe bonn faisnéis a chur ar fáil maidir le feidhmíocht a mboinn i bhfógraí agus in ábhar fógraíochta teicniúil. Ní mór an lipéad iomlán a chur ar taispeáint, áfach, ní hamháin an aicme fuinnimh agus raon na n-aicmí atá ar fáil (mar atá le taispeáint ar an lipéad fuinnimh).

An ceanglas an lipéad a chur ar taispeáint a leathnú le boinn C3 a chuimsiú:

Faoin Rialachán reatha, seachas lipéid iomlán níl de dhíth le haghaidh boinn C3 ach tagairt do na paraiméadair feidhmíochta in ábhar fógraíochta. Beidh boinn C3 cumhdaithe anois leis na ceanglais chéanna lipéid atá le comhlíonadh ag boinn C1 agus C2.

An próiseas cineálcheadaithe a leathnú chun an dearbhú lipéid a chur san áireamh:

Éileofar ar mhonaróirí bonn an dearbhú lipéid a chur faoi réir an phróisis cineálcheadaithe, ar an dóigh sin ag cur ráthaíocht bhreise ar fáil as cruinneas an lipéid.

Forfheidhmiú a fheabhsú trí oibleagáid a chruthú boinn a chlárú sa bhunachar sonraí ina gclárófar táirgí arna bhunú faoi Rialachán (AE) 2017/1369:

Beidh an bunachar sonraí do tháirgí atá clúdaithe ag rialacháin maidir le lipéadú fuinnimh i mbun oibríochta ón 1 Eanáir 2019. Ón dáta sin ar aghaidh beidh sé d'oibleagáid ar sholáthraithe bonn an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1369 (aitheantas an tsoláthraí, múnla an bhoinn, lipéad, aicmí paraiméadar agus bileog faisnéise faoin táirge) a iontráil sa bhunachar sonraí.

Leasuithe ar na hIarscríbhinní:

Tá grádú na bparaiméadar in Iarscríbhinn I coigeartaithe trí na teorainneacha idir na haicmí reatha A-G a ath-shainmhíniú chun iad a dhéanamh níos beaichte agus lena léiriú go bhfuil an bunaicme (G) folamh anois mar gheall ar cheanglais RSG.

In Iarscríbhinn II tá an lipéad leasaithe leis an mbunaicme le haghaidh friotaíocht rollta bhaint, agus le deilbhín sneachta agus cód QR a chur isteach. Ina theannta sin, tá cuma an lipéid ailínithe leis na lipéid faoin Rialachán maidir leis an gCreat i gcomhair Lipéadú Fuinnimh.

Chun an fhaisnéis a chuirtear ar fáil d'úsáideoirí deiridh a fheabhsú agus a chaighdeánú, agus chun go mbeifear ag teacht leis na ceanglais faoin Rialachán maidir leis an gCreat i gcomhair Lipéadú Fuinnimh, liostaítear in Iarscríbhinn III nua an fhaisnéis íosta atá ag teastáil i ndoiciméadacht theicniúil. In Iarscríbhinn IV nua liostaítear an fhaisnéis a éilítear ar an mbileog faisnéise faoin táirge nach mór a bheith i gceangal le boinn a chuirtear ar an margadh agus leagtar amach in Iarscríbhinn V nua an fhaisnéis atá le cur ar fáil in ábhar fógraíochta teicniúil.

2018/0148 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le lipéadú bonn i leith éifeachtúlacht breosla agus paraiméadair riachtanacha eile agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1222/2009**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 agus Airteagal 194(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([9]),

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[10],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Tá an tAontas tiomanta Aontas Fuinnimh a thógáil a mbeidh beartas aeráide forásach aige. Dlúthchuid de Chreat Beartais 2030 an Aontais don Aeráid agus don Fhuinneamh is ea an éifeachtúlacht bhreosla agus tá sí ríthábhachtach má tá an t-éileamh ar fhuinneamh le maolú.

(2) Tá athbhreithniú déanta ag an gCoimisiún[11] ar éifeachtacht Rialachán (CE) Uimh. 1222/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12] agus aithníodh an gá forálacha an Rialacháin sin a thabhairt suas chun dáta chun a éifeachtacht a fheabhsú.

(3) Is iomchuí Rialachán nua ina bhfuil leasuithe a rinneadh in 2011 agus lena modhnaítear agus lena bhfeabhsaítear cuid d'fhorálacha Rialachán (CE) Uimh. 1222/2009 lena n-inneachar a shoiléiriú agus a thabhairt cothrom le dáta, a chur in ionad Rialachán (CE) Uimh. 1222/2009, agus an dul chun cinn teicneolaíoch atá bainte amach le blianta beaga anuas ó thaobh boinn de á chur san áireamh.

(4) Is san earnáil iompair a ídítear aon trian d'ídiú fuinnimh an Aontais. B'iompar de bhóthar ba chúis le tuairim is 22 % d'astaíochtaí gás ceaptha teasa iomlána an Aontais in 2015. Mar gheall ar fhriotaíocht rollta bonn, thar aon rud eile, is iad is cúis le 5 % go 10 % d'ídiú breosla feithiclí. Dá bhrí sin, ach friotaíocht rollta na mbonn a laghdú,

9 IO L […], […], lch. […].
10 IO L […], […], lch. […].
11 COM(2017) 658 final
12 Rialachán (CE) Uimh. 1222/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le lipéadú bonn i leith éifeachtúlachta breosla agus paraiméadar riachtanach eile (IO L 342 de 22.12.2009, lch. 46).

dhéanfaí éifeachtúlacht fuinnimh an iompair de bhóthar a mhéadú go mór, agus astaíochtaí a laghdú dá bharr sin.

(5) Tá roinnt paraiméadar idirghaolmhar ag boinn. D'fhéadfadh sé, dá bhfeabhsófaí aon pharaiméadar ar leith, amhail friotaíocht rollta, go mbeadh tionchar dochrach aige sin ar pharaiméadair eile amhail fliuchghreim, agus, ag an am céanna, d'fhéadfadh sé, trí fheabhas a chur ar fhliuchghreim, go mbeadh tionchar dochrach aige sin ar thorann seachtrach rollta. Ba cheart monaróirí bonn a spreagadh chun na paraiméadair go léir a bharrfheabhsú sa bhreis ar na caighdeáin atá bainte amach cheana féin.

(6) Féadfaidh boinn atá éifeachtúil ó thaobh breosla de a bheith éifeachtach ó thaobh costais de freisin ós rud é go mbíonn an cúiteamh a fhaightear ó choigilteas breosla i bhfad níos mó ná praghas méadaithe ceannaigh na mbonn ar toradh é ar chostais táirgeachta níos airde na mbonn sin.

(7) Le Rialachán (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[13] leagtar síos na ceanglais íosta maidir le friotaíocht rollta bonn. A bhuí le forbairtí teicneolaíocha, tá sé indéanta na caillteanais fuinnimh arb í friotaíocht rollta bonn is cúis leo a laghdú go suntasach sa bhreis ar na ceanglais íosta sin. Chun an tionchar atá ag iompar de bhóthar ar an gcomhshaol a laghdú, is iomchuí, dá bhrí sin, na forálacha maidir le lipéadú bonn a thabhairt cothrom le dáta le húsáideoirí deiridh a spreagadh chun boinn atá níos éifeachtúla ó thaobh breosla de a cheannach, trí fhaisnéis chomhchuibhithe faoin bparaiméadar sin a sholáthar.

(8) Is núis shuntasach é torann tráchta agus bíonn éifeacht dhochrach aige ar an tsláinte. Le Rialachán (CE) Uimh. 661/2009, leagtar síos na ceanglais íosta maidir le torann seachtrach rollta bonn. De bharr forbairtí teicneolaíocha, tá sé indéanta an torann seachtrach rollta a laghdú go suntasach sa bhreis ar na ceanglais íosta sin. Chun an torann tráchta a laghdú, is iomchuí, dá bhrí sin, forálacha maidir le lipéadú bonn a thabhairt suas chun dáta le húsáideoirí deiridh a spreagadh chun boinn a cheannach ag a bhfuil torann seachtrach rollta íseal, trí fhaisnéis chomhchuibhithe faoin bparaiméadar sin a sholáthar.

(9) Dá soláthrófaí faisnéis chomhchuibhithe faoi thorann seachtrach rollta, d'éascófaí freisin cur chun feidhme beart i gcoinne torann tráchta agus chuideofaí chun feasacht a ardú faoin éifeacht a bhíonn ag boinn ar thorann tráchta faoi chuimsiú Threoir 2002/49/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[14].

(10) Le Rialachán (CE) Uimh. 661/2009, leagtar amach na ceanglais íosta maidir le feidhmíocht fliuchghreama bonn. A bhuí le forbairtí teicneolaíocha, tá sé indéanta feidhmíocht fliuchghreama a fheabhsú go suntasach sa bhreis ar na ceanglais íosta sin, agus na hachair choscánaithe ar dhromchla fliuch a ghiorrú ar an dóigh sin. Chun an tsábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú, is iomchuí, dá bhrí sin, na forálacha maidir le lipéadú bonn a thabhairt suas chun dáta le húsáideoirí deiridh a spreagadh chun boinn a cheannach ag a bhfuil ardfheidhmíocht fliuchghreama, trí fhaisnéis chomhchuibhithe faoin bparaiméadar sin a sholáthar.

---

[13] Rialachán (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir leis na ceanglais i gcomhair cineál-cheadaithe le haghaidh sábháilteachta ginearálta mótarfheithiclí, a leantóirí agus a gcóras, a gcomhpháirteanna agus a n-aonad teicniúil ar leithligh atá beartaithe dóibh (IO L 200, 31.7.2009, lch. 1).

[14] Treoir 2002/49/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Meitheamh 2002 maidir le torann timpeallachta a mheasúnú agus a bhainistiú (IO L 189, 18.7.2002, lch. 12).

(11) Lena áirithiú go bhfuiltear ag teacht leis an gcreat idirnáisiúnta, tagraítear i Rialachán (CE) Uimh 661/2009 do Rialachán UNECE 117[15], lena n-áirítear na modhanna ábhartha tomhais le haghaidh friotaíocht rollta, torainn, agus feidhmíocht fliuchghreama agus greama sneachta bonn.

(12) Chun faisnéis a chur ar fáil d'úsáideoirí deiridh faoi fheidhmíocht bonn arna ndearadh go sonrach don sneachta agus don oighear, is iomchuí a éileamh ceanglais faisnéise maidir le boinn sneachta agus oighir a áireamh ar an lipéad.

(13) Is foinse shuntasach micreaphlaisteach, a dhéanann dochar don chomhshaol, é scríobadh bonn le linn a n-úsáide, agus mar sin luaitear sa Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *A European Strategy for Plastics in a Circular Economy* [Straitéis Eorpach maidir le hÁbhar Plaisteach i nGeilleagar Ciorclach][16] an gá aghaidh a thabhairt ar scaoileadh neamhbheartaithe micreaphlaisteach ó bhoinn, *inter alia*, trí bhíthin bearta faisnéise amhail lipéadú agus ceanglais íosta i dtaca le boinn. Níl modh iomchuí tástála ar fáil faoi láthair, áfach, le scríobadh bonn a thomhas. Mar sin de, ba cheart don Choimisiún sainordú a thabhairt modh den chineál sin a fhorbairt, agus caighdeáin nó rialacháin úrscothach arna bhforbairt nó arna moladh go hidirnáisiúnta á gcur san áireamh go hiomlán, d'fhonn modh iomchuí tástála a bhunú a luaithe agus is féidir.

(14) Is cuid shuntasach den mhargadh le haghaidh boinn d'fheithiclí tromshaothair iad boinn atráchta. Trí thrácht nua a chur ar bhoinn, déantar a ré úsáide a shíneadh agus tagann sin le cuspóirí de chuid an gheilleagair chiorclaigh amhail laghdú dramhaíola. Dá gcuirfí ceanglais faoi lipéadú i bhfeidhm maidir leis na boinn sin, bhainfí amach coigiltis shuntasacha fuinnimh. Ós rud é, áfach, nach bhfuil modh iomchuí tástála ann faoi láthair chun feidhmíocht bonn atráchta a thomhas, ba cheart foráil a dhéanamh sa Rialachán seo lena gcur san áireamh amach anseo.

(15) Maidir leis an lipéad fuinnimh de bhun Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[17], lena rangaítear ídiú fuinnimh táirgí ar scála ó 'A' go 'G', aithníonn níos mó ná 85 % de thomhaltóirí an Aontais é agus léiríodh go bhfuil sé éifeachtach ó thaobh táirgí níos éifeachtúla a chur chun cinn. Ba cheart leanúint ar aghaidh ag úsáid an dearaidh chéanna don lipéad fuinnimh a mhéid is féidir, agus sainiúlachtaí na bparaiméadar bonn á n-aithint ag an am céanna.

(16) Maidir le faisnéis inchomparáide faoi pharaiméadair bhonn a sholáthar i bhfoirm lipéad caighdeánach, is dóigh go rachaidh sé sin i gcion ar na roghanna ceannacháin a dhéanfaidh úsáideoirí deiridh i bhfabhar bonn atá níos sábháilte, níos ciúine agus níos éifeachtúla ó thaobh breosla de. Is dóigh, dá bharr sin, go spreagfaí monaróirí bonn chun na paraiméadair sin a bharrfheabhsú, rud a réiteodh an bealach d'ídiú agus do tháirgeadh a bheadh níos inbhuanaithe.

(17) Tá gá ag úsáideoirí deiridh, chomh maith le ceannaitheoirí bonn ionadaithe, ceannaitheoirí bonn arna bhfeistiú ar fheithiclí nua, agus bainisteoirí flít agus gnóthais iompair, le tuilleadh faisnéise faoi éifeachtúlacht na mbonn ó thaobh breosla de agus ó thaobh paraiméadair eile de mar nach féidir leo comparáid a dhéanamh go héasca idir paraiméadair brandaí éagsúla bonn cheal córais lipéadaithe agus córais

15 IO L307, 23.11.2011, lch.3
16 COM(2018) 28 final
17 Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2017 lena leagtar amach creat i gcomhair lipéadú fuinnimh agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/30/AE (IO L 198, 28.7.2017, lch. 1).

chomhchuibhithe tástála. Is iomchuí, mar sin, a cheangal lipéad a chur i gcónaí ar bhoinn a sheachadtar le feithiclí.

(18) Faoi láthair, ceanglaítear lipéid go sainráite i gcás boinn le haghaidh gluaisteán (boinn C1) agus le haghaidh veaineanna (boinn C2) ach ní cheanglaítear iad le haghaidh feithiclí tromshaothair (boinn C3). Ídíonn boinn C3 níos mó breosla agus cumhdaíonn siad níos mó ciliméadar in aghaidh na bliana ná mar a dhéanann boinn C1 agus boinn C2, agus mar sin de is suntasach í an fhéidearthacht ídiú breosla agus astaíochtaí ó feithiclí tromshaothair a laghdú.

(19) Trí bhoinn C3 a áireamh faoi chuimsiú an Rialacháin seo, táthar ag teacht freisin leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán maidir le faireachán agus tuairisciú astaíochtaí $CO_2$ ó feithiclí nua tromshaothair, agus a n-ídiú breosla[18], agus leis an togra ón gCoimisiún maidir le caighdeáin $CO_2$ le haghaidh feithiclí tromshaothair[19].

(20) Déanann cuid mhór úsáideoirí deiridh cinntí faoi bhoinn a cheannach gan an bonn féin a fheiceáil agus mar sin de ní fheiceann siad an lipéad atá greamaithe dó. I ngach cás den sórt sin, ba cheart an lipéad a thaispeáint don úsáideoir deiridh sula ndéantar an cinneadh ceannacháin a chríochnú. Ach an lipéad a chur ar taispeáint ar bhoinn ag an bpointe díola, agus san ábhar fógraíochta teicniúil freisin, ba cheart go n-áiritheofaí go bhfaigheadh na dáileoirí agus na húsáideoirí ionchasacha deiridh faisnéis chomhchuibhithe faoi na paraiméadair ábhartha bonn, an tráth agus san áit a ndéantar an cinneadh faoi cheannach.

(21) I gcás roinnt úsáideoirí deiridh, roghnaíonn siad na boinn sula sroicheann siad an pointe díola nó ceannaíonn siad na boinn trí phostdíol nó ar an idirlíon. Chun a áirithiú go mbeadh na húsáideoirí deiridh sin in ann rogha eolasach a dhéanamh freisin ar bhonn faisnéis chomhchuibhithe faoi éifeachtúlacht na mbonn ó thaobh breosla de, faoi fheidhmíocht fliuchghreama, faoi thorann seachtrach rollta agus faoi pharaiméadair eile, ba cheart lipéid a chur ar taispeáint ar an ábhar fógraíochta teicniúil go léir, lena n-áirítear cásanna ina gcuirtear an t-ábhar sin ar fáil ar an idirlíon.

(22) Ba cheart faisnéis a sholáthar do na húsáideoirí ionchasacha deiridh ar faisnéis í lena míneofaí gach comhpháirt ar leith den lipéad agus tábhacht gach comhpháirte. Ba cheart an fhaisnéis sin a sholáthar san ábhar fógraíochta teicniúil, mar shampla ar shuíomhanna gréasáin na soláthraithe.

(23) Ba cheart modhanna iontaofa cruinne in-athsholáthraithe a úsáid lena gcuirfear san áireamh na modhanna úrscothacha tomhais agus ríomha a aithnítear go ginearálta, chun éifeachtúlacht bhreosla, fliuchghreim, torann seachtrach agus paraiméadair eile a bhaineann le boinn a thomhas. Ba cheart gnáthiompraíocht tomhaltóirí a chur san áireamh a mhéid is féidir sna modhanna sin agus ba cheart dóibh a bheith stóinsithe chun stop a chur le teacht timpeall a tharlaíonn d'aon ghnó nó go neamhbheartaithe. Ba cheart feidhmíocht chomparáideach bonn le linn úsáide iarbhír a léiriú ar lipéid bonn, laistigh de na srianta atá ann mar gheall ar an ngá atá le tástáil saotharlainne atá iontaofa, chruinn agus in-athsholáthraithe, lena chur ar chumas úsáideoirí deiridh boinn éagsúla a chur i gcomparáid lena chéile agus chun teorainn a chur le costais tástála do mhonaróirí.

(24) Chun cothrom iomaíochta do chách a áirithiú laistigh den Aontas, tá sé riachtanach go gcomhlíonfadh na soláthraithe agus na dáileoirí na forálacha a bhaineann le lipéadú bonn. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit faireachán a dhéanamh ar an gcomhlíonadh

[18] COM(2017)279.

[19] Tagairt le cur isteach uair amháin atá an togra glactha.

sin trí fhaireachas margaidh agus rialuithe *ex-post* rialta, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[20].

(25) Chun faireachán ar chomhlíonadh a éascú, uirlis úsáideach a chur ar fáil d'úsáideoirí deiridh agus bealaí malartacha a thabhairt do dháileoirí le bileoga faisnéise faoi tháirgí a fháil, ba cheart boinn a chur san áireamh sa bhunachar sonraí táirgí arna bhunú faoi Rialachán (AE) 2017/1369. Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 2017/1369 a leasú dá réir.

(26) Gan dochar d'oibleagáidí faireachais margaidh na mBallstát ná d'oibleagáidí an tsoláthraí comhréireacht táirge a sheiceáil, ba cheart do sholáthraithe an fhaisnéis a cheanglaítear maidir le comhlíonadh táirge a chur ar fáil go leictreonach sa bhunachar sonraí táirgí.

(27) Chun go mbeadh muinín ag custaiméirí as an lipéad bonn, níor cheart lipéid eile a dhéanann aithris air a cheadú. Ar an gcúis chéanna, níor cheart lipéid, marcanna, siombailí ná inscríbhinní breise a cheadú is dóigh a chuirfeadh úsáideoirí deiridh ar míthreoir nó a chuirfeadh mearbhall orthu maidir leis na paraiméadair a chumhdaítear leis an lipéad bonn.

(28) Na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo agus ar ghníomhartha tarmligthe arna nglacadh dá bhun, ba cheart iad a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

(29) Chun éifeachtúlacht fuinnimh, maolú ar an athrú aeráide agus cosaint an chomhshaoil a chur chun cinn, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann dreasachtaí a chruthú maidir le húsáid táirgí atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de. Is faoi na Ballstáit atá sé cineál na ndreasachtaí sin a chinneadh. Ba cheart na dreasachtaí sin a bheith i gcomhréir le rialacha an Aontais maidir le státchabhair agus níor cheart iad a bheith ina mbacainní gan údar ar an margadh. Ní dochar an Rialachán seo do thoradh aon nós imeachta maidir le státchabhair a d'fhéadfaí a chur ar bun amach anseo i gcomhréir le hAirteagal 107 agus le hAirteagal 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) i ndáil leis na dreasachtaí sin.

(30) Chun ábhar agus formáid an lipéid a leasú, ceanglais a thabhairt isteach i dtaca le boinn atráchta, scríobadh agus míleáiste, agus na hIarscríbhinní a chur in oiriúint don dul chun cinn teicniúil, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, an 13 Aibreán 2016[21]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann a áirithiú in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe, ba cheart do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle na doiciméid uile a fháil ag an am céanna le saineolaithe na mBallstát, agus ba cheart rochtain chórasach a bheith ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe de ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

---

[20] Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus maidir le faireachas margaidh a bhaineann le táirgí a mhargú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 339/93 (IO L218, 13.8.2008, lch. 30).

[21] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

(31) Maidir le boinn a cuireadh ar an margadh roimh dháta cur i bhfeidhm na gceanglas atá sa Rialachán seo, níor ghá iad a athlipéadú.

(32) Chun muinín sa lipéad a neartú agus lena chruinneas a áirithiú, ba cheart an deimhniú a thugann soláthraithe ar an lipéad maidir leis na luacha a bhaineann le friotaíocht rollta, fliuchghreim agus torann, ba cheart an deimhniú sin a bheith faoi réir an phróisis cineálcheadaithe faoi Rialachán (CE) Uimh 661/2009.

(33) Ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an Rialachán seo. De bhun mhír 22 den Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 idir Pharlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, ba cheart an mheastóireacht sin a bheith bunaithe ar chúig chritéar, eadhon éifeachtúlacht, éifeachtacht, ábharthacht, comhleanúnachas agus breisluach an Aontais agus ba cheart í a bheith ina bunús le measúnuithe tionchair ar thuilleadh bearta.

(34) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon sábháilteacht agus éifeachtúlacht eacnamaíoch agus comhshaoil an iompair de bhóthar a mhéadú trí fhaisnéis ábhartha a sholáthar d'úsáideoirí deiridh chun go bhféadfaidh siad táirgí níos éifeachtúla ó thaobh an fhuinnimh de, níos sábháilte agus níos ciúine a roghnú, a ghnóthú go leordhóthanach toisc go dteastaíonn faisnéis chomhchuibhithe d'úsáideoirí deiridh, agus, de bharr creat rialúcháin comhchuibhithe agus cothrom iomaíochta do mhonaróirí, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Is é Rialachán an ionstraim iomchuí dlí go fóill mar go gcuirtear rialacha soiléire mionsonraithe i bhfeidhm leis lena gcuirfí cosc ar na Ballstáit iad a thrasuí ar shlite éagsúla agus, dá bhrí sin, lena n-áiritheofaí leibhéal níos airde comhchuibhithe ar fud an Aontais. Le creat rialála atá comhchuibhithe ar leibhéal an Aontais seachas ar leibhéal na mBallstát, laghdaítear na costais ar sholáthraithe, áirithítear cothrom iomaíochta agus áirithítear saorghluaiseacht earraí ar fud an mhargaidh inmheánaigh. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(35) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 1222/2009 a aisghairm.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Aidhm agus ábhar**

1. Is é is aidhm don Rialachán seo sábháilteacht, cosaint na sláinte agus éifeachtúlacht eacnamaíoch agus éifeachtúlacht chomhshaoil iompair de bhóthar a mhéadú trí bhoinn a chur chun cinn atá éifeachtúil ó thaobh breosla de, atá sábháilte agus ag a bhfuil leibhéil ísle torainn.

2. Leis an Rialachán seo, bunaítear creat chun faisnéis chomhchuibhithe faoi pharaiméadair bhonn a sholáthar trí lipéadú, rud a ligfidh do na húsáideoirí deiridh rogha eolasach a dhéanamh agus boinn á gceannach acu.

*Airteagal 2*

**Raon feidhme**

1. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le boinn C1, boinn C2 agus boinn C3.

2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le boinn atráchta freisin uair amháin a dhéanfar modh iomchuí tástála chun feidhmíocht na mbonn sin a thomhas a chur leis na hIarscríbhinní trí bhíthin gníomh tarmligthe de bhun Airteagal 12.

3. Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) boinn ghairmiúla eisbhóthair;

(b) boinn arna ndearadh lena bhfeistiú ar fheithiclí a cláraíodh den chéad uair roimh an 1 Deireadh Fómhair 1990, agus orthu sin amháin;

(c) boinn spártha de chineál T le haghaidh úsáid shealadach;

(d) boinn a bhfuil a rátáil luais níos lú ná 80 km/h acu;

(e) boinn nach mó ná 254 mm, nó ar 635 mm nó níos mó, trastomhas ainmniúil a n-imill;

(f) boinn atá feistithe le feistí breise chun a n-airíonna tarraingthe a fheabhsú, amhail boinn bhocóideacha;

(g) boinn arna ndearadh lena bhfeistiú ar fheithiclí arna mbeartú go heisiach le haghaidh rásaíochta, agus ar na feithiclí sin amháin.

*Airteagal 3*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'boinn C1, boinn C2 agus boinn C3' na haicmí bonn a shainmhínítear in Airteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 661/2009;

(2) ciallaíonn 'bonn atráchta' bonn réchaite arna athchóiriú trí ábhar nua a chur in ionad an tráchta chaite;

(3) ciallaíonn 'bonn spártha de chineál T le haghaidh úsáid shealadach' aon bhonn spártha le haghaidh úsáid shealadach atá ceaptha le haghaidh úsáide ag brúnna teannta atá níos airde ná na brúnna teannta arna mbunú i gcomhair boinn chaighdeánacha agus boinn threisithe;

(4) ciallaíonn 'lipéad' léaráid ghrafach, i bhfoirm chlóite nó leictreonach, lena n-áirítear i bhfoirm greamáin, ar a bhfuil siombailí chun úsáideoirí deiridh a chur ar an eolas maidir le feidhmíocht boinn nó feidhmíocht baisce bonn, i dtaca leis na paraiméadair a leagtar amach in Iarscríbhinn I;

(5) ciallaíonn 'pointe díola' aon áit ina dtaispeántar agus ina stóráiltear boinn agus ina dtairgtear iad lena ndíol le húsáideoirí deiridh, lena n-áirítear seomraí taispeántais gluaisteán a mhéid a bhaineann le boinn a thairgtear lena ndíol le húsáideoirí deiridh agus nach bhfuil feistithe ar na feithiclí;

(6) ciallaíonn 'ábhar fógraíochta teicniúil' doiciméid, i bhfoirm chlóite nó leictreonach, arna gcur ar fáil ag an soláthraí chun ábhar fógraíochta a fhorlíonadh, ar a laghad leis an bhfaisnéis theicniúil i gcomhréir le hIarscríbhinn V;

(7) ciallaíonn 'bileog faisnéise faoi tháirge' doiciméad caighdeánach ina bhfuil an fhaisnéis mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IV, i bhfoirm chlóite nó i bhfoirm leictreonach;

(8) ciallaíonn ‘doiciméid theicniúla’ doiciméid a bheidh leordhóthanach le go bhféadfaidh údaráis faireachais margaidh measúnú a dhéanamh ar chruinneas lipéid táirge agus bileoige faisnéise faoi tháirge, lena n-áirítear cruinneas na faisnéise mar a leagtar amach í in Iarscríbhinn III;

(9) ciallaíonn ‘bunachar sonraí táirgí’ an bunachar sonraí arna bhunú faoi Rialachán (AE) 1369/2017 agus is éard atá ann cuid phoiblí atá dírithe ar thomhaltóirí, ina bhfuil rochtain leictreonach ar fhaisnéis a bhaineann le paraiméadair táirgí aonair, tairseach ar líne ar mhaithe le hinrochtaineacht agus cuid a bhaineann le comhlíonadh, lena mbaineann ceanglais inrochtaineachta agus slándála atá sonraithe go soiléir;

(10) ciallaíonn ‘ciandíolachán’ díol, fruiliú nó fruilcheannach trí phostdíol, trí chatalóg, ar líne, trí theileamhargaíocht nó trí mhodh ar bith eile nuair nach féidir a bheith ag súil leis go bhfeicfeadh an t-úsáideoir ionchasach deiridh an táirge ar taispeáint;

(11) ciallaíonn ‘monaróir’ aon duine nádúrtha nó dlítheanach a mhonaraíonn táirge nó a chuireann táirge á dhearadh nó á mhonarú, agus a chuireann an táirge sin ar an margadh faoina ainm nó faoina thrádmharc;

(12) ciallaíonn ‘allmhaireoir’ aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá bunaithe san Aontas agus a chuireann táirge ó thríú tír ar mhargadh an Aontais;

(13) ciallaíonn ‘ionadaí údaraithe’ aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá bunaithe san Aontas agus a bhfuil sainordú i scríbhinn faighte aige ó mhonaróir chun gníomhú thar a cheann maidir le cúraimí sonraithe;

(14) ciallaíonn ‘soláthraí’ monaróir atá bunaithe san Aontas, ionadaí údaraithe monaróra nach bhfuil bunaithe san Aontas, nó allmhaireoir, a chuireann táirge ar mhargadh an Aontais;

(15) ciallaíonn ‘dáileoir’ aon duine nádúrtha nó dlítheanach sa slabhra soláthair, seachas an soláthraí, a chuireann táirge ar fáil ar an margadh;

(16) ciallaíonn ‘cuir ar fáil ar an margadh’ táirge a sholáthar lena dháileadh nó lena úsáid ar mhargadh an Aontais le linn gníomhaíocht tráchtála, bíodh sin ar íocaíocht nó saor in aisce;

(17) ciallaíonn ‘cuir ar an margadh’ táirge a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais den chéad uair;

(18) ciallaíonn ‘úsáideoir deiridh’ aon tomhaltóir, chomh maith le bainisteoir flít nó gnóthas iompar de bhóthar a cheannaíonn bonn nó a bhfuiltear ag súil leis go gceannóidh sé bonn;

(19) ciallaíonn ‘paraiméadar’ paraiméadar boinn mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I amhail friotaíocht rollta, fliuchghreim, torann seachtrach rollta, sneachta, oighear, míleáiste nó scríobadh, ar paraiméadar é a bhfuil tionchar mór aige ar an gcomhshaol, ar shábháilteacht ar bhóithre nó ar an tsláinte le linn an bonn a úsáid;

(20) ciallaíonn ‘cineál boinn’ leagan de bhonn a bhfuil na saintréithe teicniúla céanna, atá ábhartha i gcomhair an lipéid agus na bileoige faisnéise faoin táirge, agus an t-aitheantóir múnla céanna, ag gach aonad de.

*Airteagal 4*

**Freagrachtaí soláthraithe bonn**

1. Áiritheoidh soláthraithe go bhfuil an méid seo a leanas ag gabháil le boinn C1, boinn C2 agus boinn C3 a chuirfear ar an margadh:

   (a) maidir le gach bonn aonair, lipéad a chomhlíonann Iarscríbhinn II i bhfoirm greamáin, lena gcuirfear in iúl faisnéis agus aicme gach ceann de na paraiméadair a leagtar amach in Iarscríbhinn I, agus bileog faisnéise faoin táirge mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IV;

   (b) maidir le gach baisc d'aon bhonn amháin nó níos mó bonn atá comhionann, lipéad a chomhlíonann Iarscríbhinn II i bhfoirm chlóite, lena gcuirfear in iúl faisnéis agus aicme gach ceann de na paraiméadair a leagtar amach in Iarscríbhinn I, agus bileog faisnéise faoin táirge mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IV.

2. I dtaca le boinn a dhíoltar ar an idirlíon, áiritheoidh soláthraithe go mbeidh an lipéad ar taispeáint i ngaireacht don phraghas agus gur féidir teacht ar an mbileog faisnéise faoin táirge.

3. Áiritheoidh soláthraithe go mbeidh an lipéad ar taispeáint in aon fhógra amhairc le haghaidh cineál boinn faoi leith, lena n-áirítear fógraí ar an idirlíon.

4. Áiritheoidh soláthraithe go mbeidh ceanglais Iarscríbhinn V á gcomhlíonadh ag aon ábhar fógraíochta teicniúil a bhaineann le cineál boinn faoi leith, lena n-áirítear ábhar fógraíochta teicniúil ar an idirlíon.

5. Áiritheoidh soláthraithe go mbeidh na luachanna, na haicmí gaolmhara agus aon fhaisnéis bhreise faoi fheidhmíocht a dhearbhaíonn siad ar an lipéad le haghaidh na bparaiméadar riachtanach a leagtar amach in Iarscríbhinn I curtha tríd an bpróiseas cineálcheadaithe faoi Rialachán (CE) Uimh 661/2009.

6. Áiritheoidh soláthraithe go mbeidh na lipéid agus na bileoga faisnéise faoi tháirge a sholáthraíonn siad cruinn.

7. Cuirfidh soláthraithe doiciméid theicniúla ar fáil d'údaráis na mBallstát, má iarrtar sin, i gcomhréir le hIarscríbhinn III.

8. Oibreoidh soláthraithe i gcomhar le húdaráis faireachais margaidh agus gníomhóidh siad gan mhoill chun aon chás de neamhchomhlíonadh na gceanglas, arb é a chúram é, a leagtar amach sa Rialachán seo, a leigheas ar a gconlán féin nó nuair a éileoidh údaráis faireachais margaidh orthu é.

9. Ní dhéanfaidh soláthraithe lipéid, marcanna, siombailí ná inscríbhinní eile a sholáthar ná a chur ar taispeáint nach gcomhlíonann ceanglais an Rialacháin seo, más dóchúil go gcuirfeadh siad úsáideoirí deiridh ar míthreoir nó go gcuirfeadh siad mearbhall orthu maidir leis na paraiméadair riachtanacha.

10. Ní dhéanfaidh soláthraithe lipéid a chur ar fáil ná a chur ar taispeáint a dhéanann aithris ar an lipéad dá bhforáiltear leis an Rialachán seo.

*Airteagal 5*

**Oibleagáidí soláthraithe bonn i ndáil leis an mbunachar sonraí táirgí**

1. Le héifeacht ón 1 Eanáir 2020, déanfaidh soláthraithe an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1369 i dtaca leis an mbonn sin a iontráil sa bhunachar sonraí táirgí sula gcuirfear bonn ar an margadh.

2. I gcás ina gcuirtear boinn ar an margadh idir *[cuir isteach dáta teacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]* agus an 31 Nollaig 2019, déanfaidh an soláthraí, faoin 30 Meitheamh 2020, an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1369 i ndáil leis na boinn sin a iontráil sa bhunachar sonraí táirgí.

3. Go dtí go ndéanfar an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2 a iontráil sa bhunachar sonraí táirgí, cuirfidh an soláthraí leagan leictreonach de na doiciméid theicniúla ar fáil lena n-iniúchadh laistigh de 10 lá tar éis iarraidh a fháil ó údaráis faireachais margaidh.

4. Measfar gur cineál nua boinn é bonn ar a ndéantar athruithe atá ábhartha don lipéad nó don bhileog faisnéise faoin táirge. Cuirfidh an soláthraí in iúl sa bhunachar sonraí nuair nach mbeidh aonaid de chineál boinn á gcur acu ar an margadh a thuilleadh.

5. Nuair a chuirfear an t-aonad deiridh de chineál boinn ar an margadh, coimeádfaidh an soláthraí an fhaisnéis maidir leis an gcineál sin boinn sa chuid den bhunachar sonraí táirgí a bhaineann le comhlíonadh go ceann tréimhse cúig bliana.

*Airteagal 6*

**Freagrachtaí dáileoirí bonn**

1. Áiritheoidh na dáileoirí an méid seo a leanas:

   (a) go mbeidh lipéad ar bhoinn ag an bpointe díola, i gcomhréir le hIarscríbhinn II, i bhfoirm greamán arna sholáthar ag na soláthraithe i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 4(1) agus go mbeidh an greamán sin in áit ina bhfuil sé le feiceáil go soiléir;

   (b) sula ndíolfar bonn a bhaineann le baisc d'aon bhonn amháin nó níos mó bonn atá comhionann, go dtaispeánfar an lipéad dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 4(1) don úsáideoir deiridh agus go cuirfear ar taispeáint go soiléir é i ngaireacht don bhonn ag an bpointe díola.

2. Áiritheoidh dáileoirí go mbeidh an lipéad ar taispeáint in aon fhógra amhairc le haghaidh cineál boinn faoi leith, lena n-áirítear fógraí ar an idirlíon.

3. Áiritheoidh dáileoirí go mbeidh ceanglais Iarscríbhinn V á gcomhlíonadh ag aon ábhar fógraíochta teicniúil a bhaineann le cineál boinn faoi leith, lena n-áirítear ábhar ar an idirlíon.

4. I gcás nach mbeidh boinn a sholáthraítear lena ndíol le feiceáil ag an úsáideoir deiridh, cuirfidh dáileoirí cóip den lipéad ar fáil d'úsáideoirí deiridh roimh an díolachán.

5. Áiritheoidh dáileoirí nach mór d'aon chiandíolachán ar pháipéar an lipéad a chur ar taispeáint agus go mbeidh rochtain ag an úsáideoir deiridh ar an mbileog faisnéise faoin táirge ar shuíomh gréasáin a bhfuil rochtain shaor in aisce air, nó trí chóip chlóite den bhileog sin a iarraidh.

6. Déanfaidh dáileoirí a bhaineann úsáid as ciandíolachán atá bunaithe ar theileamhargaíocht aicmí na bparaiméadar riachtanach atá ar an lipéad a chur in iúl d'úsáideoirí deiridh, agus cuirfidh siad in iúl dóibh freisin go mbeidh rochtain acu ar an lipéad iomlán agus ar an mbileog faisnéise faoin táirge ar shuíomh gréasáin ar a bhfuil rochtain shaor in aisce, nó trí chóip chlóite a iarraidh.

7. I dtaca le boinn a dhíoltar ar an idirlíon, áiritheoidh dáileoirí go mbeidh an lipéad ar taispeáint i ngaireacht don phraghas agus gur féidir teacht ar an mbileog faisnéise faoin táirge.

*Airteagal 7*

**Freagrachtaí soláthraithe feithiclí agus dáileoirí feithiclí**

I gcás ina mbeidh sé i gceist ag úsáideoirí deiridh feithicil nua a cheannach, cuirfidh soláthraithe agus dáileoirí feithiclí an lipéad do na boinn a sholáthraítear leis an bhfeithicil ar fáil dóibh roimh an díol, chomh maith leis an ábhar fógraíochta teicniúil ábhartha.

*Airteagal 8*

**Modhanna tástála agus tomhais**

Is trí na modhanna tástála agus tomhais dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a chur i bhfeidhm, chomh maith leis an nós imeachta saotharlainne ailínithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn VI, a gheofar an fhaisnéis atá le soláthar faoi Airteagal 4, Airteagal 6 agus Airteagal 7 maidir leis na paraiméadair a léirítear ar an lipéad.

*Airteagal 9*

**An nós imeachta fíorúcháin**

Déanfaidh na Ballstáit comhréireacht na n-aicmí dearbhaithe do gach ceann de na paraiméadair riachtanacha a luaitear in Iarscríbhinn I a mheas i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Iarscríbhinn VII.

*Airteagal 10*

**Oibleagáidí na mBallstát**

1. Ní chuirfidh na Ballstáit bac ar bhoinn a chomhlíonann an Rialachán seo a chur ar an margadh nó i seirbhís, laistigh dá gcríocha.

2. I gcás bonn atá in aicme atá faoi bhun aicme B, ní dhéanfaidh na Ballstáit dreasachtaí a sholáthar i leith éifeachtúlacht breosla ná i leith fliuchghreama de réir bhrí Chuid A agus Chuid B d'Iarscríbhinn I faoi seach. Chun críocha an Rialacháin seo, ní dreasachtaí iad bearta cánachais ná bearta fioscacha.

3. Déanfaidh na Ballstáit na rialacha maidir le pionóis agus sásraí forfheidhmiúcháin a leagan síos a bheidh infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo agus ar na gníomhartha tarmligthe arna nglacadh dá bhun, agus glacfaidh siad na bearta go léir is gá chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

4. Faoin 1 Meitheamh 2020, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na rialacha dá dtagraítear i mír 3 nár tugadh fógra ina leith don Choimisiún roimhe sin, agus tabharfaidh siad fógra don Choimisiún, gan mhoill, faoi aon leasú ina dhiaidh sin lena ndéantar difear dóibh.

*Airteagal 11*

**Faireachas an Aontais ar an margadh agus rialú ar tháirgí a chuirtear ar fáil ar mhargadh an Aontais**

1. Beidh feidhm ag [Airteagal 16 go hAirteagal 29 de Rialachán (CE) Uimh. 765/2008/Rialachán maidir le comhlíonadh agus forfheidhmiú arna moladh

faoi COM (2017)795] maidir le táirgí atá cumhdaithe leis an Rialachán seo agus leis na gníomhartha tarmligthe ábhartha arna nglacadh dá bhun.

2. Spreagfaidh an Coimisiún comhar agus malartú faisnéise faoi fhaireachas margaidh i dtaca le lipéadú táirgí, agus tacóidh sé leis an gcomhar agus leis an malartú faisnéise sin idir údaráis náisiúnta na mBallstát a bhfuil faireachas margaidh de chúram orthu nó atá i gceannas ar rialú na dtáirgí a chuirtear ar fáil ar mhargadh an Aontais, agus idir iad agus an Coimisiún, go háirithe trí pháirt níos mó a thabhairt do Shainghrúpa 'AdCos um Fhaireachas Margaidh' maidir le lipéadú bonn.

3. Áireofar i gcláir ghinearálta um fhaireachas margaidh na mBallstát arna mbunú de bhun [*Airteagal 13 de Rialachán (CE) Uimh. 765/2008/Rialachán maidir le comhlíonadh agus forfheidhmiú molta faoi COM(2017)795*] gníomhaíochtaí le forfheidhmiú éifeachtach an Rialacháin seo a áirithiú.

*Airteagal 12*

**Gníomhartha tarmligthe**

Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13 a bhaineann le:

(a) athruithe a thabhairt isteach ar ábhar agus formáid an lipéid;

(b) paraiméadair nó ceanglais faisnéise a thabhairt isteach a ghabhann leis na hIarscríbhinní go háirithe maidir le míleáiste agus le scríobadh, ar choinníoll go bhfuil modhanna iomchuí tástála ar fáil;

(c) luachanna, modhanna ríofa agus ceanglais na nIarscríbhinní a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil.

Más iomchuí, agus gníomhartha tarmligthe á n-ullmhú, déanfaidh an Coimisiún dearadh agus inneachar na lipéad i gcomhair grúpaí táirgí sonracha a thástáil le grúpaí ionadaíocha de chustaiméirí an Aontais lena n-áirithiú go bhfuil na lipéid sothuigthe dóibh.

*Airteagal 13*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 12 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse cúig bliana ó *[cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]*. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 12 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní

dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 12 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 14*
**Meastóireacht agus tuairisciú**

Faoin 1 Meitheamh 2026 déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo agus cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa.

Leis an tuarascáil sin, déanfar measúnú ar a éifeachtaí a bhí an Rialachán seo agus na gníomhartha tarmligthe arna nglacadh dá bhun maidir le húsáideoirí deiridh a chumasú chun boinn níos ardfheidhmíochta a roghnú, lena gcuirfear san áireamh an tionchar ar ghnó, ídiú fuinnimh, sábháilteacht, astaíochtaí gás ceaptha teasa agus gníomhaíochtaí faireachais margaidh. Déanfaidh sé measúnú ar na costais agus ar na sochair a bhaineann le tríú páirtí a bheith ag fíorú na faisnéise ar bhonn neamhspleách éigeantach ar faisnéis í a thugtar sa lipéad, agus an taithí a fuarthas ar an gcreat réime níos leithne dar foráladh le Rialachán (CE) Uimh. 661/2009 á cur san áireamh freisin.

*Airteagal 15*
**Leasú ar Rialachán (AE) 2017/1369**

In Airteagal 12(2) de Rialachán (AE) Uimh. 2017/1369, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) tacú leis na húdaráis faireachais margaidh agus iad i mbun a gcuid tascanna faoin Rialachán seo agus faoi na gníomhartha tarmligthe ábhartha, lena n-áirítear forfheidhmiú na ngníomhartha sin agus faoi Rialachán (AE) [*cuir isteach tagairt don rialachán seo*]".

*Airteagal 16*
**Rialachán (CE) Uimh. 1222/2009 a aisghairm**

Aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1222/2009.

Déanfar tagairtí do na Rialacháin aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá in Iarscríbhinn VIII.

*Airteagal 17*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Meitheamh 2020.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

# RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

**1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH**

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB

1.3. An cineál togra/tionscnaimh

1.4. Cuspóirí

1.5. Forais an togra/tionscnaimh

1.6. Fad agus tionchar airgeadais

1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe

**2. BEARTA BAINISTÍOCHTA**

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

**3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH**

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

*3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

*3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

*3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

*3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

# RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

| |
|---|
| Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le lipéadú bonn i leith éifeachtúlacht breosla agus paraiméadair riachtanacha eile agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1222/2009 |

### 1.2. Réimse/ réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB[1]

| |
|---|
| Teideal 32 – Fuinneamh<br><br>32 02 02 Gníomhaíochtaí tacaíochta do bheartas fuinnimh na hEorpa agus don mhargadh inmheánach fuinnimh |

### 1.3. An cineál togra/tionscnaimh

Baineann an togra/tionscnamh le **síneadh ar bheart atá ann cheana**.

### 1.4. Cuspóir(í)

*1.4.1. Cuspóirí straitéiseacha ilbhliantúla an Choimisiúin ar a bhfuil an togra/tionscnamh dírithe*

| |
|---|
| An tAontas Fuinnimh |

*1.4.2. Cuspóirí sonracha agus na gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann*

| |
|---|
| <u>Cuspóir sonrach</u><br><br>Maolú ar éileamh ar fhuinneamh a chur chun cinn.<br><br><u>Gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann</u><br><br>ABB 1: Fuinneamh traidisiúnta agus in-athnuaite<br><br>ABB 2: Gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta i réimse an fhuinnimh |

*1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leis*

| |
|---|
| Táthar ag súil go ndéanfar leis an tionscnamh seo an scéim atá ann cheana i gcomhair lipéadú fuinnimh do bhoinn san Aontas a fheabhsú. Ní hé an córas is fearr é ó thaobh a éifeachtachta de, ná ó thaobh comhlíonadh ná leibhéal uaillmhéine de.<br><br>Feabhsóidh an togra seo an leibhéal cosanta do shaoránaigh agus úsáideoirí deiridh bonn trí bhíthin lipéadú níos éifeachtaí agus fhorfheidhmiú feabhsaithe.<br><br>Beidh tionchar ag an togra ar oibreoirí eacnamaíocha a mbeidh orthu leanúint de lipéid bonn a sholáthar agus a chur ar taispeáint, agus faisnéis a sholáthar chun críche faireachas margaidh trí chineálacha éagsúla cur chuige.<br><br>A bhuí leis an togra, is fearr a bheidh údaráis náisiúnta in ann faireachas margaidh a dhéanamh. |

[1] ABM: bainistiú de réir gníomhaíochtaí; ABB: buiséadú de réir gníomhaíochtaí.

*1.4.4. Táscairí lena léireofar toradh agus tionchar*

An céatadán de bhoinn d'Aicme A, Aicme B etc.

An céatadán de bhoinn neamhchomhlíontacha arna n-aimsiú ag údaráis náisiúnta faireachais margaidh.

**1.5. Forais an togra/tionscnaimh**

*1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma*

Is é cuspóir ginearálta an tionscnaimh seo tacú le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh trí bhíthin saorghluaiseacht earraí lena n-áirithítear leibhéal ard cosanta don chomhshaol agus do thomhaltóirí, sábháilteacht agus sláinte phoiblí (torann seachtrach rollta).

*1.5.2. Luach breise a bhaineann le rannpháirteachas AE*

Mar gheall ar bheart ar leibhéal an Aontais, cuirfear an fhaisnéis chéanna chomhchuibhithe ar fáil d'úsáideoirí deiridh i gcibé Ballstát ina roghnaíonn siad a mboinn a cheannach. Le scéim lipéadaithe bonn ar leibhéal an Aontais cuirfear boinn chun cinn atá fuinneamhéifeachtúil agus sábháilte agus a laghdaíonn truailliú torainn i ngach Ballstát, lena gcruthófar margadh níos mó do na boinn sin agus, dá bhrí sin, dreasachtaí níos mó do thionscal na mbonn iad a fhorbairt.

Leis sin áiritheofar cothrom iomaíochta do mhonaróirí agus do mhiondíoltóirí ó thaobh na faisnéise faoi ídiú fuinnimh a thugtar do chustaiméirí de i gcás boinn atá ar díol ar fud mhargadh inmheánach an Aontais. Dá bhrí sin, tá gá le rialacha atá ceangailteach de réir dlí ar fud an Aontais.

Is é sin an t-aon bhealach lena áirithiú gurb ionann i ngach Ballstáit na lipéid le haghaidh táirgí a chuirtear ar an margadh, agus ar an dóigh sin áiritheofar feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, ar bhonn Airteagal 26 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

*1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Cé go bhfuil margadh aonair san Aontas ó thaobh lipéid bonn de, caithfear na lipéid a thabhairt suas chun dáta mar, i ngeall ar an dul chun cinn teicneolaíoch atá déanta, bainfidh mórán múnlaí na haicmí is airde amach, agus ní léir do thomhaltóirí aon difríocht eatarthu dá bhrí sin, agus i ngeall ar na boinn is measa feidhmíochta a bheith toirmiscthe ón margadh mar thoradh ar an nós imeachta cineálcheadaithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 661/2009 (An Rialachán maidir le Sábháilteacht Ghinearálta – RSG).

Cé go bhfuil na húdaráis faireachas margaidh tar éis a bheith ag déanamh seiceálacha ar chomhlíonadh na gceanglas i gcomhair lipéadú fuinnimh, is é toradh an neamhchomhlíonta caillteanas de thuairim agus 10 % de na coigiltis thuartha fuinnimh (agus coigiltis airgid do thomhaltóirí) go fóill. Ba é an aidhm a bhí ag an togra a thíolaic an Coimisiún le haghaidh rialachán nua maidir le faireachas margaidh (COM(2017) 795) aghaidh a thabhairt ar dhúshláin den sórt sin a bhíonn roimh an reachtaíocht a achtaíonn an tAontas Eorpach maidir le comhchuibhiú i ndáil le táirgí. Mar sin féin, tá fadhbanna ag údaráis faireachais margaidh i réimse an lipéadaithe fuinnimh nár réitíodh leis an togra sin: rochtain thráthúil ar dhoiciméid theicniúla, fadhbanna le monaróirí eachtracha a aithint agus a sonraí teagmhála a fháil, easpa córas lárnach chun múnlaí comhionanna a aithint a d'fhéadfadh a bheith

scrúdaithe cheana féin ag údaráis faireachais margaidh eile. Ina theannta sin, bhí sé deacair ar an gCoimisiún na ceanglais chuí maidir le haicme na lipéad a chinneadh mar gheall ar easpa sonraí poiblí le déanaí i dtaca le feidhmíocht bonn.

Leis an togra seo tugtar aghaidh ar na fadhbanna sin trí nasc a bhunú leis an mbunachar sonraí ina gclárófar táirgí arna bhunú faoi Rialachán (AE) 2017/1369 (An Rialachán maidir leis an gCreat i gcomhair Lipéadú Fuinnimh), áit a gcuirfidh na soláthraithe na sonraí feidhmíochta agus comhlíonta ar fáil in áit lárnach, a bhfuil rochtain ag na húdaráis náisiúnta faireachais margaidh agus ag an gCoimisiún uirthi.

*1.5.4. Comhoiriúnacht d'ionstraimí iomchuí eile agus sineirgíocht a d'fhéadfadh a bheith ann*

Tá an tionscnamh seo ag teacht le RSG, lena leagtar síos nós imeachta cineálcheadaithe leis na ceanglais íosta feidhmíochta bonn i dtaca le friotaíocht rollta, fliuchghreim agus torann seachtrach rollta.

Tá sé ag teacht le Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 (an Rialachán maidir le Faireachas Margaidh atá i bhfeidhm faoi láthair), go háirithe toisc go gcuirfidh sé deireadh le forálacha iomarcacha atá sa reachtaíocht maidir le lipéadú bonn agus atá ar áireamh cheana sa rialachán maidir le faireachas margaidh, i gcás reachtaíocht uile an Aontais Eorpaigh maidir le comhchuibhiú.

Leis an nasc atá beartaithe leis an mbunachar sonraí ina gclárófar táirgí, féachtar le sineirgíochtaí a chothú le reachtaíocht eile de chuid an Aontais Eorpaigh maidir le comhchuibhiú faoinar bunaíodh bunachair shonraí den sórt sin cheana, nó faoina bhféadfaí bunachair shonraí den sórt sin a bhunú amach anseo.

**1.6. Fad agus tionchar airgeadais**

Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ar feadh **tréimhse neamhtheoranta**

cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh ó 2019;

arna leanúint ag oibríocht lánscála.

**1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe**[2]

**Bainistíocht dhíreach** ag an gCoimisiún

ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais.

Nótaí

Ceanglaítear leis an tionscnamh seo acmhainní buiséadacha chun boinn a áireamh sa bhunachar sonraí ina gclárófar táirgí a bhaineann le fuinneamh, arna bhunú faoin Rialachán maidir leis an gCreat i gcomhair Lipéadú Fuinnimh, lena n-áirítear feachtas faisnéise agus gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin. Beidh tacaíocht ar fáil don chaiteachas sin ó na hacmhainní a bhfuil foráil déanta maidir leo cheana sa chlárú airgeadais oifigiúil.

[2] Is féidir mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais a fheiceáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid: http://www.cc.cec/budg/man/budgmanag/budgmanag_en.html

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

| |
|---|
| Sainghrúpa lipéadaithe bonn a bheidh ina ardán le haghaidh plé ar an gcaoi leis an Rialachán atá beartaithe a chur chun feidhme go cuí.<br>Moltar i bhforáil chríochnaitheach go ndéanfaidh an Coimisiún meastóireacht agus tuairisciú maidir le cur chun feidhme an Rialacháin, seacht mbliana tar éis dó teacht i bhfeidhm. Ba cheart a shainaithint sa tuarascáil sin fadhbanna a d'fhéadfadh a bheith ann agus laigí sa rialachán. D'fhéadfaí aon bhearta eile is gá a bhunú air sin, mar shampla togra chun é a leasú. |

**Córas bainistíochta agus rialaithe**

*2.1.1. Na rioscaí a aithníodh*

| |
|---|
| Meastar gur EUR 200 000 an buiséad le haghaidh coigeartú an bhunachair sonraí reatha táirgí le boinn a chlárú ann. D'fhéadfadh méadú teacht ar líon na múnlaí boinn agus d'fhéadfaí costais bhreise a ghineadh i dtaca leis an mbunachar sonraí a thabhairt suas chun dáta dá bharr sin.<br>Na rioscaí a bhaineann le feidhmiú an bhunachair sonraí ina gclárófar táirgí, fadhbanna teicneolaíochta den chuid is mó iad, mar shampla cliseadh an chórais agus saincheisteanna rúndachta. |

*2.1.2. Faisnéis maidir le socrú an chórais rialaithe inmheánaigh*

| |
|---|
| Leagtar síos sa Rialachán Airgeadais agus sna Rialacha maidir le cur i bhfeidhm na modhanna rialaithe atá beartaithe. |

### 2.2. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

| |
|---|
| Níl aon bhearta sonracha i gceist seachas cur i bhfeidhm an Rialacháin Airgeadais. |

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

Línte buiséid atá ann cheana

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne buiséid | Saghas caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir [Ceannteideal………………………………………] | LD/LN[24]. | ó thíortha de chuid CSTE[25] | ó thíortha is iarrthóirí[26] | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais |
| 1a Iomaíoch as le haghaidh fáis agus post | 32 02 02 Gníomhaíochtaí tacaíochta do bheartas fuinnimh na hEorpa agus don mhargadh inmheánach fuinnimh | Dif. | TÁ | NÍL | NÍL | NÍL |
| 5 Riarachán | 32 01 01 Caiteachas a bhaineann le hoifigigh agus le foireann shealadach sa réimse beartais 'Fuinneamh'. | LN | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |
| 5 Riarachán | 32 01 02 Pearsanra seachtrach agus caiteachas eile bainistíochta mar thacaíocht sa réimse beartais 'Fuinneamh' | LN | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |

Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

*In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne buiséid | Saghas caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir [Ceannteideal………………………………………] | LD/LN | ó thíortha de chuid CSTE | ó thíortha is iarrthóirí | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais |
| | | | | | | |

24 LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

25 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

26 Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

## 3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

### *3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas*

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | Uimhir | 1a Cumas iomaíochta i ndáil le fás agus poist |
|---|---|---|

| Ard-Stiúrthóireacht: ENER | | | Bliain **2019**[27] | Bliain **2020** | Bliain **2021** | Bliain **2022** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | | | | | | | | | | |
| 32 02 02 Comhlánú ar chlárú táirgí a bhaineann le fuinneamh i mbunachar sonraí TF, lena n-áirítear an feachtas faisnéise agus na gníomhaíochtaí forfheidhmithe comhpháirteacha. | Gealltanais | (1) | 1.3 | 1.62 | | | | | | 2.92 |
| | Íocaíochtaí | (2) | 0.8 | 1.12 | 1.0 | | | | | 2.92 |
| Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as clúdach clár sonrach[28] | | | | | | | | | | |
| 32 04 03 Dúshláin shochaíocha | | (3) | | | | | | | | |
| **IOMLÁN leithreasuithe i gcomhair Ard-Stiúrthóireacht ENER** | Gealltanais | =1+3 | 1.3 | 1.62 | | | | | | **2.92** |
| | Íocaíochtaí | =2+3 | 0.8 | 1.12 | 1.0 | | | | | **2.92** |

27 Is í bliain N an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh.

28 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid AE (seanlínte “BA”) a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • IOMLÁN leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | Gealltanais | (4) | 1.3 | 1.62 | | | | | | 2.92 |
| | Íocaíochtaí | (5) | 0.8 | 1.12 | 1.0 | | | | | **2.92** |
| • IOMLÁN leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as clúdach clár sonrach | | (6) | | | | | | | | |
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 1a** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | =4+ 6 | 1.3 | 1.62 | | | | | | **2.92** |
| | Íocaíochtaí | =5+ 6 | 0.8 | 1.12 | 1.0 | | | | | **2.92** |

| | | |
|---|---|---|
| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | **5** | ‘Caiteachas riaracháin’ |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | Bliain **2019** | Bliain **2020** | Bliain **2021** | Bliain **2022** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ard-Stiúrthóireacht: ENER | | | | | | | | | |
| • Acmhainní daonna | | 0.055 | 0.055 | | | | | | 0.110 |
| • Caiteachas riaracháin eile | | 0.007 | 0.007 | | | | | | 0.014 |
| **IOMLÁN AS ENER** | Leithreasuithe | 0.062 | 0.062 | | | | | | **0.124** |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 5** den chreat airgeadais ilbhliantúil | (Iomlán gealltanas = Iomlán íocaíochtaí) | 0.062 | 0.062 | | | | | | **0.124** |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | Bliain **2019**[29] | Bliain **2020** | Bliain **2021** | Bliain **2022** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 5** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | 1.362 | 1.682 | | | | | | 3.044 |
| | Íocaíochtaí | 0.862 | 1.182 | 1.000 | | | | | 3.044 |

[29] Is í bliain N an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh.

### *3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Sonraigh cuspóirí agus aschuir** ⇩ | | | Bliain **2019** | | Bliain **2020** | | Bliain **2021** | | Bliain **2022** | | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | | | | **IOMLÁN** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **ASCHUIR** | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | Saghas[30] | Meánchostas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon iomlán | Costas iomlán |
| CUSPÓIR SONRACH: Maolú ar éileamh ar fhuinneamh a chur chun cinn. | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Tabhairt suas chun dáta chlárú táirgí a | | 0.2 | 1 | 0.2 | | | | | | | | | | | | | 1 | 0.2 |
| Cothabháil chlárú táirgí a bhaineann le fuinneamh sa | | 0.02 | | | 1 | 0.02 | | | | | | | | | | | 1 | 0.02 |
| Cúnamh teicniúil agus/nó staidéir chun na gnéithe de boinn is gá le haghaidh cur | | 0.1 | 1 | 0.1 | 1 | 0.1 | | | | | | | | | | | 2 | 0.2 |
| Feachtas faisnéise | | 2.0 | 0.5 | 1.0 | 0.5 | 1.0 | | | | | | | | | | | 1 | 2.0 |

30 Is ionann aschuir agus táirgí agus seirbhísí le soláthar (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, iomlán km de bhóithre a rinneadh, etc.).

| | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Gníomhaíochtaí forfheidhmithe comhpháirteacha | | | | | 1 | 0.5 | | | | | | | | | | | 1 | 0.5 |
| **COSTAS IOMLÁN** | | | | 1.3 | | 1.62 | | | | | | | | | | | | 2.92 |

### *3.2.3. An tionchar measta ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

3.2.3.1. Achoimre

Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain **2019**[31] | Bliain **2020** | Bliain **2021** | Bliain **2022** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | 0.055 | 0.055 | | | | | | 0.110 |
| Caiteachas riaracháin eile | 0.007 | 0.007 | | | | | | 0.014 |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | 0.062 | 0.062 | | | | | | 0.124 |
| **Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 5**[32] **den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | | | | | | | | |
| Caiteachas eile de chineál riaracháin | | | | | | | | |
| **Fo-iomlán Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | 0.062 | 0.062 | | | | | | **0.124** |

Cumhdófar na hacmhainní daonna is gá agus caiteachas eile de chineál riaracháin le leithreasuithe ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó atá ath-imlonnaithe laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha

31 Is í bliain N an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh.

32 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid AE (seanlínte "BA") a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

### 3.2.3.2. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

*Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha*

| | | Bliain **2019** | Bliain **2020** | Bliain **2021** | Bliain **2022** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • **Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** | | | | | | | | |
| 32 01 01 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin) | | 0.36 | 0.36 | | | | | |
| XX 01 01 02 (Toscaireachtaí) | | | | | | | | |
| XX 01 05 01 (Taighde indíreach) | | | | | | | | |
| 10 01 05 01 (Taighde díreach) | | | | | | | | |
| • **Foireann sheachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha: FTE)**[33] | | | | | | | | |
| 32 01 02 01 (CA, SNE, INT ón gclúdach iomlánaíoch) | | 0.03 | 0.03 | | | | | |
| XX 01 02 02 (CA, LA, SNE, INT agus JED sna toscaireachtaí) | | | | | | | | |
| **XX** 01 04 **bb** [34] | - sa cheanncheathrú | | | | | | | |
| | - toscaireachtaí | | | | | | | |
| **XX** 01 05 02 (CA, SNE, INT – taighde indíreach) | | | | | | | | |
| 10 01 05 02 (CA, INT, SNE – Taighde díreach) | | | | | | | | |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | | **0.39** | **0.39** | | | | | |

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó a ath-imlonnófar laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d’fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

---

33 CA = Ball foirne ar conradh; LA= Ball foirne áitiúil; SNE= Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JED = Saineolaí sóisearach i dtoscaireacht.

34 Fo-uasteorainn d’fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte ‘BA’).

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus pearsanra sealadach | Riarthóirí:<br>0.03 FTE mar cheann foirne<br>0.3 FTE mar oifigigh deisce don Rialachán, do na gníomhartha tarmligthe agus do chomhordú an fhorfheidhmithe ag údaráis faireachais margaidh<br>Cúntóirí:<br>0.03 FTE mar thacaíocht le haghaidh nósanna imeachta reachtacha agus le haghaidh cumarsáide |
| Pearsanra seachtrach | 0.03 FTE (CA) mar rúnaí na foirne agus cúram na lóistíochta air |

*3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

Tá an togra/tionscnamh comhoiriúnach don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha.

*3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

Ní dhéantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe.

**3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam**

Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam.